Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí
Junior Cycle Final Examination
Gaeilge T2
Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal
Triail éisteachta shamplach F

Ceist 1: Cainteoir

Seosamh Breathnach anseo. Tá mé i mo chónaí cóngarach do Ráth Chairn i gContae na Mí. Teach feirme atá againn agus tá feirm mhór againn. Tá dhá chéad bó bhainne againn chomh maith le roinnt ainmhithe eile – cearca, lachain agus dhá chapall.

Táim ag freastal ar an meánscoil áitiúil agus is aoibhinn liom í. Is í an Fhraincis an t-ábhar is fearr liom. Tá an-spéis agam san Eolaíocht freisin agus ba bhreá liom an eolaíocht talmhaíochta a dhéanamh ar an ollscoil. Tá go leor caithimh aimsire agam ach is é an ceol an caitheamh aimsire is fearr liom. Seinnim an fhidil agus an fheadóg stáin. Táim i mo bhall de ghrúpa ceoil traidisiúnta freisin.

Ceist 2: Píosa nuachta

Tá Ionad Eachtraíochta na nÓg suite i gcroílár Chontae na Mí. Tá go leor gníomhaíochtaí ar fáil do dhaoine óga. Mar shampla, is féidir triail a bhaint as an ziplíne nó as an mballa dreapadóireachta nó fiú as an gcúrsa bacainní!

Chomh maith leis sin, eagraítear turais iascaireachta agus turais chuig Brú na Bóinne agus Sí an Bhrú. Tá láthair champála agus brú óige san ionad freisin. Tá spás do thríocha puball sa láthair champála agus tá dhá leaba is daichead sa bhrú óige. Chun turas scoile a eagrú is féidir glaoch ar 046 123456 nó ríomhphost a sheoladh chuig turais@eachtraiocht.ie. Tá tuilleadh eolais ar fáil ar an suíomh gréasáin www.eachtraiocht.ie.

Ceist 3: Comhrá

Órlaith: Haigh, a Mhíchíl. Cén chaoi a bhfuil tú?

Mícheál: Dia is Muire duit, a hÓrlaith. Tá ag éirí go maith liom, go raibh maith agat. Céard atá tú a dhéanamh i mBaile Átha Cliath?

Órlaith: Ó, táim ar an mbealach chuig Páirc an Chrócaigh chun cluiche iománaíochta a fheiceáil. Fuaireamar an bus ón mbaile go Busáras ar maidin. Beidh Gaillimh ag imirt in aghaidh Bhaile Átha Cliath i gceann leathuair an chloig.

Mícheál: An mbeidh? Ní raibh a fhios agam faoi sin. Sa tSraith Náisiúnta, an ea?

Órlaith: Is ea, sa tSraith Náisiúnta. An cluiche leathcheannais atá ann. Caithfimid an cluiche seo a bhuachan chun an cluiche ceannais a bhaint amach.

Mícheál: Tá foireann láidir ag na Dubs i mbliana, nach bhfuil? Agus nár bhuaigh siad Cluiche Ceannais na hÉireann trí huaire i ndiaidh a chéile freisin?

Órlaith: Tá an ceart agat, ach ceapaim go bhfaighidh Gaillimh an lámh in uachtar an uair seo.

Mícheál: Cén fáth?

Órlaith: A bhfoireann B a bheas ag imirt.

Mícheál: Á! Bhuel, tá súil agam go bhfuil an ceart agat. Bain sult as an gcluiche!

Órlaith: Go raibh míle maith agat. Slán!